2024/1724

17.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1724 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Meitheamh 2024

lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa tSomáil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 ón gComhairle an 26 Aibreán 2010 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa tSomáil ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Aibreán 2010, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 356/2010.

(2) An 21 Bealtaine 2024 d'fhormheas Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSC) a bunaíodh de bhun Rún 2713 (2023) ó UNSC a bhaineann le Al-Shabaab triúr a chur le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 17 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. MARON

([1]) IO L 105, 27.4.2010, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na daoine seo le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a leagtar amach i roinn 'I. Daoine' in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 356/2010:

I. **Daoine**

'23. Abdikadir Mohamed Abdikadir (ar a dtugtar freisin: (a) Abdukadir (b) Abdukadir Mohamed Abdukadir (c) Abdulkadir (d) Abdulkadir Mohamed Abdulkadir (e) Ikrima)

Ainmniúchán: Ceannaire sinsearach Al-Shabaab

Dáta breithe: 1985

Náisiúntacht: an tSomáil, an Chéinia

Seoladh: an tSomáil

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: an 21 Bealtaine 2024

Inscne: fireann

Faisnéis eile: Liostaithe de bhun mhír 26(b) de rún 2662 (2022): (i) páirt a ghlacadh i maoiniú, pleanáil, éascú, ullmhú, nó cur i gcrích gníomhartha nó gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag Al-Shabaab, i gcomhar le Al-Shabaab, faoi ainm Al-Shabaab, thar ceann Al-Shabaab, nó chun tacú le Al-Shabaab, agus (iii) earcú thar ceann Al-Shabaab, nó tacaíocht a thabhairt ar bhealach eile do ghníomhartha nó gníomhaíochtaí de chuid Al-Shabaab, nó de chuid aon chille, cleamhnaí, foghrúpa nó fréamhaí de.

24. Mohamed Mohamud Mire (ar a dtugtar freisin: Mohamed Mire)

Ainmniúchán: ball de Shura d'Al-Shabaab

Dáta breithe: (a) 1962 (b) 1960 (c) 1955

Áit bhreithe: Kismayo, an tSomáil

Náisiúntacht: an tSomáil

Seoladh: (a) Jilib, an tSomáil (b) Qunyo Barrow, an tSomáil

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: an 21 Bealtaine 2024

Inscne: fireann

Faisnéis eile: Liostaithe de bhun mhír 26 de rún 2662 (2022): (a) a bheith páirteach i ngníomhartha nó tacaíocht a thabhairt do ghníomhartha ar bagairt iad ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht na Somáile, lena n-áirítear gníomhartha ar bagairt iad ar an bpróiseas síochána agus athmhuintearais sa tSomáil, nó ar bagairt le forneart iad ar Rialtas Cónaidhme na Somáile ar Misean Aistrithe an Aontais Afracaigh sa tSomáil; agus (b)(i) páirt a ghlacadh i maoiniú, pleanáil, éascú, ullmhú nó cur i gcrích gníomhartha nó gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag Al-Shabaab, i gcomhar le Al-Shabaab, faoi ainm Al-Shabaab, thar ceann Al-Shabaab, nó chun tacú le Al-Shabaab.

25. Mohamed Omar Mohamed (ar a dtugtar freisin: (a) Ma'd Umurow (b) Mohamed Omar Haji (c) Mohamed Omar Ma'alin (d) Mohamed Haji Omar)

Ainmniúchán: Ceannaire (Wali) ar an ngrúpa Al-Shabaab in Diinsor

Dáta breithe: 1976

Áit bhreithe: Sráidbháile Taflow, Ceantar Berdaale, Réigiún Bay, an tSomáil

Náisiúntacht: an tSomáil

Seoladh: (a) Ceantar Diinsor, Réigiún Bay, an tSomáil (b) Ceantar Buur Hakaba, Réigiún Bay, an tSomáil

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: an 21 Bealtaine 2024

Inscne: fireann

Faisnéis eile: Liostaithe de bhun mhír 26(b) de rún 2662 (2022): (i) páirt a ghlacadh i maoiniú, pleanáil, éascú, ullmhú nó cur i gcrích gníomhartha nó gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag Al-Shabaab, i gcomhar le Al-Shabaab, faoi ainm Al-Shabaab, thar ceann Al-Shabaab, nó chun tacú le Al-Shabaab; agus (iii) earcú thar ceann Al-Shabaab, nó tacaíocht a thabhairt ar bhealach eile do ghníomhartha nó gníomhaíochtaí de chuid Al-Shabaab, nó de chuid aon chille, cleamhnaí, foghrúpa nó fréamhaí de.'